**An Ghaoth agus an Ghrian (Leagan 2)**

Aon lá amháin d'fhéach an ghaoth ar fhear a bhí ag siúl an bhóthair agus casóg mhór throm air.

"Féach air fhéinig thíos. Is túisce a chuirfinn iallach air a chasóg a bhaint do, ná mar a dhéanfása," arsa an ghaoth leis an ngrian.



"Tá go maith," arsa an ghrian, "bain triail as tú fhéin ar dtúis".

Shéid an ghaoth, shéid sí agus shéid sí, ach dá mhéad a shéid sí, is amhlaidh a tharraing an fear a chasóg timpeall air fhéin, chun é féin a chosaint.

Tar éis tamaill bhain an ghrian triail as. Bhí sí go hard sa spéir agus teas diamhair aisti. Bhí allas ar an bhfear thíos. Bhí spalladh air. Ní fhéadfadh sé leanúint ag siúl, go dtí i ndeireadh thiar thall, shuigh sé síos agus bhain sé a chasóg do.

"Tá liom," arsa an ghrian.

"Tá an bheart déanta agam".

"Ní hé an fear láidir is fearr i gcónaí."

An Cúntóir Teanga
www.ancuntoir.ie